



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education  
2012–2013

## Eolaíocht: Teastas Dúbailte: Bitheolaíocht

Aonad B1

Bonnsraith

[GSD11]



DÉ LUAIN 12 SAMHAIN 2012, IARNÓIN

AM

1 uair an chloig.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.  
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.  
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.  
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.  
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **3(d)(i)**.

Don Scrúdaitheoir  
amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	

Marc  
Iomlán

8340.02

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

1 (a) Cad é is ciall don téarma éiceachóras?


---



---

[2]

(b) Tá cuid den bhia-eangach in éiceachóras coillearnaí anseo thíos.



(i) Cad é an fhoinse fuinnimh sa bhia-eangach seo?

---

[1]

(ii) Ainmnigh an táirgeoir sa bhia-eangach seo.

---

[1]

(iii) Ainmnigh ceann de na tomhaltóirí príomhúla sa bhia-eangach.

---

[1]


(iv) Cé acu leibhéal trófach ag a bhfuil an daol á chothú féin?

---

[1]



(d) Is ionann pirimid fuinnimh agus dóigh eile le sruth an **fhuinnimh** i mbiashlabhra a léiriú. Taispeánann an léaráid anseo thíos an phirimid fuinnimh do bhiashlabhra sa bhia-eangach a léirítear i gcuid (b).



Luaigh **dhá** fháth a bhfuil níos lú fuinnimh ar fáil don spioróg sa bhiashlabhra ná mar atá ar fáil don lon dubh.

1. \_\_\_\_\_


\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 2 Rinne daltaí tástáil le meánlín na speiceas plandaí i gcoillearnach a aimsiú. Taispeánann an graf an bhaint idir líon na speiceas plandaí a taifeadadh agus achar iomlán na coillearnaí a tástáladh.



- (a) Cuir síos ar an treocht atá á léiriú sa ghráf.

---



---



---

[2]

- (b) Bain úsáid as na torthaí sa ghráf agus luaigh íosmhéid an achair sa choillearnach is cóir do na daltaí a thástáil le líon iomlán na speiceas plandaí sa choillearnach a aimsiú.

\_\_\_\_\_ m<sup>2</sup> [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(c) Tá **barrscoitheadh** ar cheann de na teicnící a úsáidtear le coillearnach a bhainistiú. Baineann sé seo le crainn mhothracha, arda a bhaint go talamh.

Spreagann sé seo fás nua bachlóg ar na grágáin ghearrtha, agus mar gheall air seo, beidh an choillearnach níos dlúithe le himeacht ama.

In **Grianghraf A** anseo thíos, tá coillearnach (**A**) ina ndearnadh barrscoitheadh.



© Dr Jeremy Burgess / Science Photo Library

In **Grianghraf B** anseo thíos, tá coillearnach (**B**) nach ndearnadh barrscoitheadh ann.



© Simon Fraser / Science Photo Library

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Rinneadh barrscoitheadh ar choillearnach A agus roinnt míonna ina dhiaidh sin, rinne na daltaí tástáil le meánlíon na speiceas plandaí/m<sup>2</sup> a bhí ag fás ar an talamh sa dá phársa coillearnaí a aimsiú. Tá na torthaí a fuair siad sa tábla.

Coillearnach	Meánlíon na speiceas plandaí/m <sup>2</sup>
<b>A</b>	17
<b>B</b>	10

- (i) Déan cur síos ar an dóigh a dtiocfadh leis na daltaí meánlíon na speiceas plandaí i gcoillearnach a ríomh.

---

---

---

---

---

---

[3]

- (ii) Cad chuige, dar leat, a raibh meánlíon na speiceas plandaí/m<sup>2</sup> i gcoillearnach **A** i bhfad níos mó ná i gcoillearnach **B**.

---

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

3 (a) Comhlánaigh an tábla ar thástálacha bia.

Cineál Bia	An t-imoibreán a bhí in úsáid sa tástáil ar bhia	Dath tosaigh an imoibreáin	Dath deiridh le toradh deimhneach
Saill		Éadathach	
Próitéin			Corcra

[4]

(b) Mínigh cén fáth a bhfuil méadú mór ar leibhéal an mhurtaill sa Ríocht Aontaithe agus i gcuid mhór tíortha eile le blianta beaga anuas.

---

---

---

[2]

(c) Ainmnigh comhábhar amháin in aiste mhíshláintiúil bia a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le

brú ard fola. \_\_\_\_\_

diaibéiteas. \_\_\_\_\_

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc







(b) Bain úsáid as an ghraf lena aimsiú

an ráta fótaisintéise san fhéar ar theocht 20°C.

\_\_\_\_\_ aonaid threallacha

an ráta is fearr le haghaidh fótaisintéise.

\_\_\_\_\_ °C [2]

(c) Tá próiséas na fótaisintéise á rialú ag einsímí. Bain úsáid as an fhaisnéis seo lena mhíniú an fáth a stopann fótaisintéis ar 50°C.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

(d) Má chuireann feirmeoir barraíocht sciodair ar pháirc, fágfaidh sé brat tiubh ar na ribí féir. Mínigh cén fáth nach bhfásfaidh an féar chomh maith mar gheall air seo.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

5 Tá achar dromchla mór agus dromchla tais ar dhá shampla den dóigh a bhfuil an dromchla riospráide oiriúnaithe in ainmhithe.

(a) Mínigh tábhacht na n-oiriúnuithe seo d'ainmhithe.

Achar dromchla mór \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Dromchla tais \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

(b) Luaigh **dhá** oiriúnú eile atá le fáil sa dromchla riospráide in ainmhithe.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ [2]


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

## **LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**



(c) Comhlánaigh an bharrachairt le figiúirí na mbeach a chuimsiú.



[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(d) Bain úsáid as an bharrachairt leis an ghrúpa gan cumas eitle a lua.

\_\_\_\_\_ [1]

(e) Is éan beag é an bhuíóg, atá le fáil go príomha in oirthear Thuaisceart Éireann. Feithidí a itheann éiníní buíóige ach bíonn an t-éan fásta á chothú féin ar eorna agus ar shíolta cruithneachta.

Dá spraeálfáí feithidicíd (ceimiceán a mharaíonn feithidí) ar an fhéarach luaite i gcuid (b), mínigh an tionchar a bheadh aige seo ar líon na mbuíóg.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ [3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



## **LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

- 7 Taispeánann an tábla faisnéis faoi fhoinsí agus faoi líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) sa Ríocht Aontaithe sna blianta 2000 agus 2010.

Foinse	Líon na n-astaíochtaí GCT/ina milliúin tonna méadracha		Céatadán an athraithe, 2000 – 2010
	2000	2010	
Giniúint Leictreachais	220	205	
Iompar	120	114	–5
Gnó	110	90	–18
Cónaitheach	91	89	–2
Talmhaíocht	58	51	–12

© Crown Copyright - Department of Energy and Climate Change

- (a) Comhlánaigh faisnéis an tábla tríd an luach atá ar iarraidh a chur isteach. (Taispeáin do chuid oibre.)

[2]

- (b) Déan cur síos ar threocht ghinearálta mhéid na n-astaíochtaí GCT ó na foinsí uilig thar an tréimhse 2000–2010.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (c) Taispeánann an tábla anseo thíos an costas a bhaineann le leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla sa Ríocht Aontaithe agus cé acu táirgeann nó nach dtáirgeann an foinse sin dé-ocsaíd charbóin.

Is gás ceaptha teasa í dé-ocsaíd charbóin. Tugann taighde eolaíoch le tuiscint go bhfuil méadú i leibhéal dé-ocsaíd charbóin ina gcúis le téamh domhanda.

Foinse	Costas ar aonad leictreachais/p	An dtáirgtear dé-ocsaíd charbóin?
Gás	2.2	Táirgtear
Gual	2.5	Táirgtear
Gaoth	5.5	Ní tháirgtear
Tonnta	6.6	Ní tháirgtear

© RenewableUK

Úsáid an fhaisnéis sa tábla lena mhíniú cad chuige a bhfuil conspóid ann faoi fhuinneamh in-athnuaite (fuinneamh gaoithe/tonnta) a úsáid mar réiteach ar théamh domhanda.

---



---



---



---



---



---

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

8 (a) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an fheidhm atá ag einsímí díleácha.

---



---




---



---

[2]

(b) Taispeánann an grianghraf cuid den chóras díleáite.



stéig bheag

© PASIEKA / Science Photo Library

(i) Gan ach an fhaisnéis sa ghrianghraf a úsáid, luaigh oiriúnú **amháin** atá ag an stéig bheag a fhágann go ndéanann sí ionsú.

---


[1]

(ii) Luaigh oiriúnú amháin eile atá ag an stéig bheag a fhágann go ndéanann sí ionsú, oiriúnú **nach** bhfuil le feiceáil sa ghrianghraf.

---

[1]

- (c) Taispeánann an léaráid an fearas agus na hábhair a bhí in úsáid ag dalta le fiosrú a dhéanamh ar an tionchar atá ag dhá einsím dhíleácha, amaláis agus próitéáis, ar stáirse.



Is féidir le móilíní beaga (m.sh. glúcós) dul trí fheadánra Visking ach ní féidir le móilíní móra (m.sh. stáirse).

Fágadh an leagan amach mar sin ar feadh 30 nóiméad. Ansin, rinne an dalta tástáil Benedict ar an leacht taobh amuigh den fheadánra Visking i ngach ceann de na promhadáin fiuchta **A**, **B** agus **C**.

- (i) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an toradh a fuair an dalta don leacht i

bpromhadán **A** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

bpromhadán **B** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [4]

- (ii) Mínigh cén fáth a raibh toradh diúltach ar thástáil Benedict i bpromhadán **C**.

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

---

## **SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---



Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.